

Scoil Iognáid.

CÓD IOMPRAÍOCHTA

Is iad na haidhmeanna a ghabhann leis an gcód iompraíochta ná:

- Treoir a thabhairt do dhaltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí maidir le hionchais iompraíochta.
- Go bhfeidhmeoidh an scoil le héifeacht agus go sábháilte.
- Go ndéanfar forbairt ar fhéinmheas daltaí agus go gcuirfear dea-iompraíocht chun cinn.
- Go gcothófar forbairt mothú freagrachta agus féinsmachta ins na daltaí, bunaithe ar chomh-mheas, cásmhaireacht agus caoinfhulaingt.
- Oideachas agus forbairt a éascú i dtaobh gach páiste.
- Cásmhaireacht a chothú i dtaobh daoine eile agus i dtaobh na timpeallachta.
- Cinntiú go mbíonn ar chumas múinteoirí a gcuid oibre a dhéanamh gan briseadh isteach.

Cur i bhfeidhm

Tá páirt le glacadh ag gach ball de chomhphobal na scoile maidir leis an Cód Iompraíochta a chur i bhfeidhm. Beidh a laghad rialacha ann agus is féidir, cuirfear an bhéim ar dea-iompraíocht agus úsáidfear smachtbhannaí go cothrom agus go comhseasmhach, aois an phaiste tógtha san áireamh chomh maith le éagsúlachtaí indibhidiúla. Tabharfar spreagadh agus aithint don dea-iompraíocht. Nuair a bhíonn deacrachtaí ann, cuirfear fios ar na tuismitheoirí gan mhoill.

Treoirlínte Ginearálta chun dea-iompraíocht a spreagadh

Glactar leis go ndéanfaidh daltaí iad féin a iompar le comh-mheas agus cúirtéis i gcónaí, le daoine fásta agus le daltaí eile. Ní ghlacfar le iompar a chuireann isteach ar chearta daltaí eile maidir le cúrsaí oideachais nó cúrsaí sábháilteachta.

Glactar leis go mbeidh daltaí cúramach maidir le réadmhaoin na scoile agus go gcoimeádfaidh siad an timpeallacht glan agus saor ó bhruscar.

Glactar leis go mbeidh cuma néata ar dhaltaí, go mbeidh leabhair agus fearas cuí ina seilbh agus go mbeidh siad i láthair san áit cheart agus in am.

Glactar leis go ndéanfaidh daltaí mar a deirtear leo sa rang, go n-oibreoidh siad go díograiseach agus go ndéanfaidh siad tionscadail a thabhairt suas agus caoi mhaith orthu.

Glactar leis go mbeidh daltaí i láthair gach lá muna mbíonn cúis mhaith ag cur bac orthu, agus sa chás sin is cóir go gcuirfidís an t-eolas chun na scoile i scríbhinn, agus fáth na neamhláithreachta a bheith luaite.

Bulaíocht

Sainmhínítear bulaíocht mar seo: forrántacht a athdhéantar ag duine nó grúpa i gcoinne duine nó daoine eile a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirm cainte, síceolaíoch nó fisiciúil. Is iad na gnáthchineálacha bulaíochta ná tadhaill fisiciúil le forrántacht, leasainmneacha maslacha, imeaglú, sracadh, aonrú agus maslaí. Ní ghlacfar le bulaíocht agus beifear ag súil le comhoibriú leis an scoil an t-am go léir, maidir le déileáil le cásanna bulaíochta i gcomhréir le polasaí frithbhulaíochta na scoile.

Dea-iompraíocht a dhearbhu

Bíonn féindisciplin feabhsaithe mar thoradh nuair a déantar treisiú dearfach ar dhea-iompraíocht, agus leagaimidne béim níos mó ar dreasachtaí agus luaíochtaí in ionad smachtbhannaí.

Straitéisí/Dreasachtaí

- Cogar ar leataobh nó comhartha chun moladh a chur in iúl.
- Nóta a scríobh i gcóipleabhar an dalta.
- Cuairt ar rang eile, nó chun oifig an Phríomhoide le haghaidh moladh.
- Moladh ós comhair ranga.
- Duaiseanna moladh indibhidiúla ranga, duaiseanna pointí nó stampaí.
- Freagracht nó pribhléid speisialta a bhronnadh.
- Teagmháil labhartha nó i scríbhinn le tuismitheoirí.

Smachtú Mí-iompraíochta

Is le haghaidh mí-iompraíocht a smachtú agus dea-iompraíocht a chur chun cinn a úsáidtear smachtanna agus straitéisí eile. Cuirfear smachtanna i bhfeidhm de réir déine na mí-iompraíochta, ag braith ar aois agus forás mothúchánach. Is féidir go mbeidh na nithe a leanas san áireamh:

- Plé leis an dalta ar bhunús réasúin.
- Íde béil agus moltaí maidir le conas feabhsú.
- Aonrú amach sealadach ón ngrúpa sa rang agus/nó an dalta a bhogadh go rang eile.
- Obair bhreise a thabhairt.
- Pribhléidí a bhaint den dalta.
- An dalta a choimeád istigh i rith am sosa.
- Teagmháil le tuismitheoirí.
- An dalta a sheoladh chuig an Príomhoide.
- Príomhoide ag déanamh teagmháil le tuismitheoirí.
- Eisiamh (cur ar fionraí nó díbirt) ón scoil (i gcomhréir le Rial 130 de Rialacha le haghaidh Scoileanna Náisiúnta mar atá leasaithe ag ciorcláin agus ag an Acht Oideachais (Leas) 2000).

Ní srianfar daltaí ó achar curaclaim ach amháin ar bhonn sláinte/sábháilteachta.

Cur ar fionraí/díbirt

Bainfear feidhm as na gnáth-theagmhálacha idir scoil agus tuismitheoirí, sula n-úsáidtear smachtanna troma ar nós coinneáil istigh, cur ar fionraí nó díbirt. Nuair a mholtar dalta a chur ar fionraí i ndiaidh am scoile, cuirfear sin in iúl do thuismitheoirí nó caomhnóirí. Is féidir go mbeidh an teagmháil le tuismitheoirí i scríbhinn nó labhartha, ag braith ar chúrsaí.

I dtaobh mí-iompraíocht an-tromchúiseach nó cásanna athdhéanta mí-iompraíochta is féidir cur ar fionraí a roghnú mar réiteach. Iarrfar ar thuismitheoirí teacht chun na scoile leis an scéal a phlé. Féachfar ar iompraíocht atá forrántach, bagarthach nó foréigneach i gcoinne múinteoir nó dalta, mar dhroch-iompraíocht trom nó dona.

Nuair a tharlaíonn cásanna mí-iompraíochta arís agus arís eile, cuirfear fios ar Chathaoirleach an Bhord Bainistíochta agus iarrfar ar na tuismitheoirí, i scríbhinn, teacht chun na scoile chun bualadh leis an gCathaoirleach agus an Príomhoide.

Muna dtugann na tuismitheoirí gealltanais go n-iompróidh an dalta é féin ar bhonn sásúil as sin amach, is féidir an dalta a chur ar fionraí ar feadh tréimhse. Sara ndéantar é sin, más féidir, féadfaidh an Príomhoide an cás a athbhreithniú, i gcomhairle le múinteoirí agus baill eile de chomhphobal na scoile a bhfuil baint acu leis an scéal. Déanfar eachtraí mí-iompraíochta an dalta a chur san áireamh, féachaint an bhfuil pátrún ag baint leo, agus an comhthéacs a bhreithniú – agus scrúdófar smachtbhannaí agus cineálacha eile idirghabhála, agus an toradh a bhí orthu, chomh maith le pé tuairisc liachta a bhaineann leis an gcás. Beidh fionraíocht i bhfeidhm i gcomhréir leis na Rialacha le haghaidh Scoileanna Náisiúnta agus Acht Oideachais (Leas) 2000.

I gcás go bhfuil an mhí-iompraíocht an-tromchúiseach ar fad, nuair a chaitear ord agus smacht a choimeád sa tsiúl, agus chun sábháilteacht na bpáistí a chinntiú, féadfaidh an Bord an Cathaoirleach/Príomhoide a údarú chun an dalta a chur ar fionraí láithreach ar feadh trí lá scoile ar a mhéid, go dtí gur féidir an cás a phlé leis na tuismitheoirí.

Is féidir díbirt a dhéanamh freisin, i gcásanna antoisceacha, i gcomhréir leis na Rialacha le haghaidh Scoileanna Náisiúnta agus Acht Oideachais (Leas) 2000. Sara ndéantar dalta a chur ar fionraí nó a dhíbirt, caithfidh an Bord an tOifigeach Oideachais Áitiúil (Leas) a chur ar an eolas i scríbhinn i gcomhréir le Mír 24 den Acht Oideachais (Leas).

Fionraíocht a chur ar ceal (Aischur)

Le linn tréimhse fionraíochta, nó ina dhiaidh, is féidir le tuismitheoirí iarratas a chur isteach chun an dalta a aischur sa scoil,. Caithfidh na tuismitheoirí gealltanais sásúil a thabhairt go ndéanfaidh an dalta é féin a iompar i gcomhréir le Cód Iompraíochta na scoile agus caithfidh an Príomhoide a bheith sásta nach mbeidh an t-aischur ina údár riosca don dalta féin, do dhaltáí eile nó don bhfoireann. Déanfar plean iompraíochta a ullmhú don dalta, más gá, le cabhair an Phríomhoide, agus scaoilfear an dalta ar ais go foirmeálta go dtí an rang.

Rialacha Scoile

Bíonn a laghad rialacha agus is féidir agus iad leagtha amach chun aird mar is cuí a thabhairt do shláinte, sábháilteacht agus leas na mball uile i gcomhphobal na scoile. Má tá an scoil chun feidhmiú go héifeachtach is gá go mbeadh rialacha agus rialúchán á gcur in iúl go soiléir agus á gcur i bhfeidhm go comhseasmhach agus go cothrom.

Roimh/Tar éis Scoile

Meabhraítear do thuismitheoirí nach nglacann foireann na scoile freagracht i leith daltaí roimh am oscailte oifigiúil na scoile 8:50p.m. nó tar éis am dúnta 1:30p.m. Náionáin agus 2:30p.m., Ranganna eile, ach amháin nuair a bhíonn daltaí gafa le gníomhaíochtaí seach-churaclaim eagraithe ag an scoil agus ceadaithe ag an mBord Bainistíochta. Daltaí a bhíonn ag gabháil do na gníomhaíochtaí seo, bítear ag súil go n-iompróidh siad iad féin i gcomhréir le polasaí iompraíochta na scoile ar na hócáidí seo.

Dualgais an Bhord Bainistíochta

- Timpeallacht atá compordach agus sábháilte a chur ar fáil.
- Tacú leis an bPríomhoide agus leis an bhfoireann chun an cód a chur i bhfeidhm.
- An cód a dhaingniú.

Dualgais an Phríomhoide

- Atmaisféar dearfach a chothú sa scoil,
- Cinntiú go ndéantar an Cód Iompraíochta a chur i bhfeidhm go comhseasmhach agus go cothrom.
- Socruithe a dhéanamh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gCód, de réir mar is gá.

Dualgais na Múinteoirí

Tacú le, agus cur i bhfeidhm cód iompraíochta na scoile.

- Timpeallacht oibre sábháilte a chruthú le haghaidh gach dalta.
- Dea-obair a aithint agus a mholadh.
- Obair scoile a ullmhú agus a bhfuil déanta ag daltaí a cheartú.
- Buanna indibhidiúla agus difríochtaí idir dhaltaí éagsúla a aithint agus deiseanna a chur ar fail dóibh araon.
- A bheith múinte, comhsheasmhach agus cothrom.
- Deimhin a dhéanamh de nach mbeidh mórán deiseanna ann chun iompraíocht toirmeascach a chur sa tsiúl.
- Dul i ngleic le mí-iompraíocht ar bhealach oiriúnach.
- Cásanna troma mí-iompraíochta nó cásanna athdhéanta mí-iompraíochta a thairfead.
- Tacú le comhghleacaithe.

Teagmháil le tuismitheoirí nuair is gá agus tuairisc a thabhairt ar cheisteanna tábhachtacha dóibh.

Dualgais na nDaltaí

- Freastal ar scoil go rialta agus go poncúil.
- Éisteacht leis na múinteoirí agus aird a thabhairt ar threoracha/chomhairle.
- Meas a thaispeáint do gach duine i gcomhphobal na scoile.
- Bheith cúramach i leith réadmhaoin na scoile agus na ndaltaí eile.
- Gan é/i féin a iompar ar bhealach ar bith a chuirfeadh daoine eile i ndainséar.
- Gan focail ghéara a rá, eascaíní nó duine a bhaint as a ainm.
- Fáilte a chur roimh daltaí eile páirt a ghlacadh i gcluichí/ngníomhaíochtaí.
- Ábhair/leabhair chuí a bhreith ar scoil.
- Rialacha scoile agus ranga a choimeád.

Dualgais na dtuismitheoirí/caomhnóirí

Moladh do pháistí ómos a bheith acu dóibh féin agus do réadmhaoin.

- Cinntiú go bhfreastalaíonn páistí go rialta agus go poncúil.
- Spéis a chur in obair scoile na ndaltaí, tacú leo agus an obair a mholadh.
- Bheith ar an eolas maidir leis an gCód Iompraíochta, agus tacú le cur i bhfeidhm an chóid.
- Comhoibriú le múinteoirí i gcás go mbíonn iompraíocht an dalta ag cur isteach ar dhaoine eile.
- Teagmháil leis an scoil i dtaobh fadhb ar bith a d'fhéadfadh cur isteach ar dhul chun cinn/iompraíocht an pháiste.

Ba chóir do dhaltáí ‘treoracha na dtrí chlog’ a leanúint, fanacht sa láthair ceadaithe, agus gan an clós a fhágaint gan chead an mhúinteora.

Ba chóir do dhaltáí súgradh a dhéanamh go sábháilte i gcónaí. Tá cosc ar iompraíocht a bhíonn frithshóisialta, dainséarach, nó goilliúnach (m.sh. iomrascáil, greim mhuinéil, marcaíocht ar dhroim a chéile, bulaíocht, imeaglú, spochadh, maslú, troid, caitheamh seile, ciceáil, ruathrú i ngrúpaí, droch-chaint, eisiatacht)

Ba chóir do dhaltáí siúl i dtreo na ngeataí ag am dul abhaile.